

PÁIDÍN SHADHBH RUA AS CAMUS (SG.)

B'oidhche Sathairn a bhí innte ar an oidhche bháistighe ba deannachtaighe a shéid as aer. Bhí Paidín Shadhbh Rua ag tigheacht as Gaillimh agus rug an oidhche ar an mbóthar air. Chonnaic sé solus uaidh agus rinne sé sé ar an solus. Tháinig sé agus leag sé lámh ar an dorus beag agus d'iarr sé lóisdín go maidin. Dubhairt fear an tighe leis go mba cruaidhe an croidhe ná na clocha glasa a bheadh ag an té a choinneochadh fear siubhail amach anocht. Níor thug m'athair cead ariamh oidhche stoirme ná feothaine an dorus a dhúnadh ná na céadta leis ar fud na tíre as fhaitchíos go mbeadh aon fear ar bóthar a dteastóchadh dídean na hoidhche uaidh agus dá mbeadh ó bheadh an dorus osclaigthe d'fheicidís an solus agus thríallfaidís air. Ach i dtaobh Pháidín nuair a tháinig sé isteach, ar an teine thug sé aghaidh. Ins am sin ní raibh aon chainnt ar arán ná ar mhillséan ach fataí im agus bainne. An fhad agus bhí na fataí ag bruth bhain Paidín de na bróga agus na stocaí agus ní raibh samhail ar bith dá chuid stocaí a mar tiubhrá aníos as linn iad. D'imthigh bean an tighe agus nigh sí iad agus chuir sí ar triomú iad agus thug sí péire stocaí tirime dó le cur air. Badh shin é gnás na tíre san am. Bhí briste ceann easna (bréidín glas) air agus cóta ceann easna agus ní leigfidís aon deor isteach nó go leigfeadh clár daraighe isteach é. Nuair a bhí a shuipéar caithe aige bhvail sé amach. Nuair a b'fhada le fear an tighe a bhí sé amuich chuaidh sé amach ar a loirg, ní mórán achair gur shiubhail Páidín aige isteach agus buidéal fuisge aige. Shín sé ag fear an tighe é. D'ól sé gloine as agus thug sé gloine eile do Pháidín.

"Ól ceann eile" adeir Páidín. "Ní olfad" adeir sé, "ar bannis ná ar torramh, ar aonach ná ar mhargadh níor ól mise ariamh tar gloine agus ní ólfad go dtéidhidh mé i dtalamh, mar is mé an fear céadna a fuair ughdar leis an ngráin a bheith agam air. Ní raibh mé ach aon bhliain déag d'aois nuair a mharbhuigh a chapall féin m'athair agus é oidhche ag tigheacht ó bhainis as Bearna. Chaithfeadh sé go raibh sé óltach an áit gur leag sí é. Tharraing sí dá mhíle go leith ina diaidh é. Bhí a chuid fola ar an mbóthar ins an áit ar leagadh é go dtí an áit ar fritheadh é, agus ba sagart a bhí ag dul ag cur ola ar maidin a fuair é agus badh é an t-ainm a bhí ar an sagart an t-Athair Séan Ó Gráda. "Ní thógim ort" adeir Páidín an ghráin fhéin a bheith ar an ól a'd. Ins an am" adeir Páidín, "a mbeadh cupla gloine ólta a'm-sa chuirfinn an chluain mhuimhneach ar na meachain le cainnt agus ag innseacht sgéalta.

Nuair a bhí a ndóthain cainte deanta acab chuadar chun suaimnis agus nuair a d'itheadar a mbricfeasta ar maidin lá ar na bhárach rinne Paidín an bealach abhaile. An t-am sin ní raibh aon aon aonach ón gClochán go Spidéal. Uair ar bith a bheadh aon ghraithe ag Paidín ar aonach an Spidéil ins an teach seo a chuireadh Páidín faoi. Bhí cainteoir maith san áit agus sé an t-ainm a bhí air Máirtín Breathnach. An chéad oidhche eile a tháinig Páidín cuireadh

fios ar an mBreathnach. Nuair a tháinig sé isteach d'fháiltigh sé roimh an strainséara. "Ab shíod é an fear a chuirfeadh cluain Mhuimhneach ar na meachain le cainnt?"

"Is mé" adeir sé. "Caithfeadh sé" adeir Máirtín, "go bhfuair tú coláiste."

"Ní bhfuaras" adeir sé.

"Ní chuala mé aonduine indon é sin a dhéanamh" adeir Máirtín, "ó d'imthigh na sgoiláirí bochta."

"Is fearr dhuit" adeir Máirtín, "an oidhche a tosaighe go gcloisimid thú." Thosaigh sé ar argointeacht Oisín is Phádraic.

"Go maith" adeir Máirtín nuair a bhí sé críochnuighthe.

Thosaigh Máirtín é féin agus an rud ar thosaigh sé air 'an sotach is a mháthair,' 'ar ndóigh tá a fhios againn,' adeir Máirtín "go bhfuil sé sin a'd féin."

"Tá" adeir sé, "ach ní mar sin é."

"Ó seadh," adeir Máirtín, "ciúineadas i ndiaidh stoirme." "Seas amach san dorus in éindigh liom" adeir Máirtín. Ní féidir liom-sa mórán a dhéanamh anocht, tá slám ar na realta. Ar chuala ariamh cainnt ar riaghail Uí Dhubhgáin?"

"Chualas," adeir sé.

"Bhfuil aon bhlas den bhrainse agat?" adeir Máirtín.

"Níl adeir sé ach chuala mé cainnt uirthé."

"Anois" adeir Máirtín, "innseochaidh mise an méad seo dhuit: Níl aon fhear dá grinne indon aon mheabhair a bhainnt aiste ach ins an ló le taoille agus trágha agus ins an oidhche an streoillín agus an cam chéachta." Ach dhiúltaigh Páidín Máirtín an chéad oidhche eile a tháinig sé. Dubhairt sé gan aon sgéal a chur ag iarraidh Mháirtín.

Is ag Páidín a chuala me "Loinnir Mhic Leabhair" agus "an Chailleach Bhéara Chloinn mic Cearra." Bhí dreithiúir mo mháthair sa teach againn. Níor phós sí ariamh. Bhí bulóigín aráin thíos aice a díol féin agus ní raibh istigh ach í féin.

"Muise bail ó Dhia ort," adeir Páidín, "is deas í do bhulóigín aráin."

"Sé a locht a laghad adeir sí."

"Ná bí doiceall" adeir Páidín.

"Ní de mhuintir dhoicheall mé" adeir sí.

"Cé dár chíobh tú?" adeir Páidín.

"ní den diogha (diov) mé uch de'n togha."

"Cén tír a dtáinig tú as le do thoil" adeir Páidín.

"As an Spáinn a tháinig mo threibh."

"Céard a chas annseo iad?" adeir Páidín.

“Meall ceo agus gan na réalta a bheith suas.”

“Ná raibh rath ort féin ná orthabh féin,” ag imtheacht leis.

Níor stop Paidín nó go ndeachaidh sé síos san ngarraidhe san áit a raibh m’athair ag baint fhataí. Bhí sé isteach in éindigh leob arís tráthnóna.

“Cá bhfuil an bhulóg?” adeir Paidín.

“Sé do chuide den ghé do mhéar a chuimilt de” adeir sí

Fuair Paidín a dhothain den chainnt uaithe. Níor bhac sé léithe arís uaidh sin gur imthigh sé as an teach. (Nuair a tháinig sé an lá sin ní raibh aithne aige ar dhreithfiúir mo mháthair. Níor shíl sé gur bhain sí leis an teach).